

Gaelscoil Chill Mhantáin Beartas ar Ghnéaschiapadh – Bulaíocht ar dhaoine fásta

Aithníonn Bord Bainistíochta Gaelscoil Chill Mhantáin go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí oibriú i láthair oibre atá saor ó ghnéaschiapadh agus go ndéanfaidh siad a ndéanfaidh a chinntiú gur féidir le gach fostaí an ceart sin a chleachtadh.

Tá freagracht ar gach fostaí a chinntiú go bhfuil an láthair oibre saor ó ghnéaschiapadh do gach fostaí eile agus go bhfuil siad ar an eolas faoin bpolasaí seo. Déanfar iniúchadh iomlán agus cuí ar gach gearan faoi ghnéaschiapadh agus más réadach, d'fhéadfaí caingeán smachta a chuir i bhfeidhm nó duine a dhífhostú dá bharr. Déanfar iarracht teacht ar réiteach go neamhfhoirmiúil ar dtús, ach mura bhfuil sé seo indéanta, cuirfear próiseas foirmiúil sa siúl. Cinnteofar rúndacht i gcónaí, sa mhéid agus is féidir, le linn an iniúchta do gach atá i gceist.

Cad is gnéaschiapadh ann?

Is é atá i gceist le gnéaschiapadh ná iompar gnéasach gan iarraidh nó aon iompar eile bunaithe ar ghnéas duine, a chuireann isteach ar dhínt mná nó fear ag obair. San áireamh bheadh iompar fisiceach, briathra béil nó leid lústracha gan iarraidh, a bheadh tarcaisneach agus a dhéanfaidh míchompordach nó a chuirfeadh náire ar an duine i gceist.

Samplaí de ghnéaschiapadh:

- Ionsaithe fisiceach nó ó bhéal gan iarraidh.
- Brath nó comharthaí fisiceacha gan iarraidh.
- Imchaint nó cúpla focal de shaghas gnéasach nó idirdhealaitheach.
- Imchaint gan iarraidh faoi theacht i láthair.
- Éilimh ar gharanna gnéasacha.
- Ábhar pornagrafach nó postaeir pornagrafacha ar taispeáint.
- Tagairtí indíreacha de shaghas gnéasach bunaithe ar ghnéas duine.
- Bulaíocht.

Bulaíocht ar dhaoine fásta ar an láthair oibre.

Cad is bulaíocht ar dhaoine fásta ann?

An sainmhíniú a thugann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar bhulaíocht ná: Is é is bulaíocht ar an láthair oibre ná ionsaí rialta, ó bhéal, go síceolaíoch nó go fisiceach, a dhéanann duine aonarach nó grúpa ar dhuine nó ar dhaoine eile. Is bulaíocht atá i gceist nuair is ionsaí, cruálacht, duailceas, imeaglú nó duine a náiriú, atá chun tosaigh sa chaidreamh. Cé nach féidir cur suas le hiompar ionsaitheach ar bhonn fánach, ní féidir bulaíocht a thabhairt air. Bíonn coimhlintí agus deacrachtaí idirphearsanta ann ar an láthair oibre. Is deacrachtaí dlísteanaigh iad seo de shórt chaidreamh tionsclaíoch, ar chóir déileáil leo trí chórais chúil chaidreamh thionsclaíoch. Ní cóir bulaíocht a thabhairt ar aon iompar seachas ar iompar atá leanúnach.

Mar achoimriú, tá saghasanna éagsúla bulaíochta ann ar dhaoine fásta – san áireamh tá:

- Imeaglú
- Ionsaí
- Drochíde ó bhéal
- Náiriú
- Bonn a bhaint ó dhuine
- Mí-úsáid cumhachta
- Caitheamh le duine go héagsúil nó go mífhabhrach
- Duine a fhágáil ar lár nó a fhágáil ina aonar

Príomh-ghnéithe de bhulaíocht ar dhaoine fásta ná go bhfuil sé:

- Leanúnach
- Gan iarraidh
- Caolchúiseach
- Neamh-fhisiceach

Céimeanna chun gearán a dhéanamh faoi ghnéaschiapadh nó bulaíocht ar dhuine fásta:

Is cóir don té a cheapann go bhfuil gnéaschiapadh nó bulaíocht á dhéanamh ar dhuine sa scoil na céimeanna seo a leanas a leaniúnt go beach. Is cóir a chuir in iúil go soiléar don té atá ag déanamh an gearán, agus na céimeanna á leanúint, go bhfuil admháil déanta ar an ngearán agus go ndéanfar foisriú ar an ngearán sin go héifeachtúil agus go leochailleach i gcomhaontú leis an bpróiséis cheart.

Tá sé tábhachtach go dtagtar ar réiteach ar an fhadhb chomh luath agus is féidir. Tá seans go mbeidh sé oiriúnach don íobartach nó don ciontóir dul i mbun comhairle nó pé chunamh atá riachtanach a lorg.

Céim a 1: Socrú ar dul i ngleic leis an bhfadhb.

- 1 Is cóir don té a cheapann go bhfuil gnéaschiapadh nó bulaíocht á dhéanamh orthu (Páirtí A) socrú ar dul i ngleic leis an bhfadhb. De bharr na droch héifeachtaí go féidir le gnéaschiapadh nó bulaíocht a bheith ar an duine ar nós: cailiúint muiníne, buairt ollmhór, imní nó eagla, is féidir leis an duine sin dul chun comhairle ón I.N.T.O., ón Scéim Cúnamh Fostaí nó aon comhairle eile a fháil ar i dtús báire.
- 2 Is cóir don té atá ag déanamh gearán cuntas a choiméad. Is cóir go mbeadh an dáta, am, daoine i láthair, céard ar dúradh agus céard a déanadh, mar sonraithe sa tuairisc sin.

Céim a 2: An fhadhb a réiteach go neamhfhoirmiúil.

- 1 Is cóir don duine a cheapann go bhfuil gnéaschiapadh nó bulaíocht á dhéanamh orthu (Páirtí A) iarraidh le haghaidh cruinniú leis an ciontóir (Páirtí B). Is cóir na nithe seo a leanas a chuir i bhfeidhm:
 - Is féidir leis an triú páirtí (Páirtí C) éascaíocht a dhéanamh ar an gcruinniú sin. Is múinteoir a bheadh sa duine seo de gnáth.
 - Is cóir do pháirtí A a dheacrachtaí a leagadh amach go soiléir, diúltiú don cnéaschiapadh nó don bhulaíocht agus iarraidh go stopadh sé.
 - Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn páirtí A go bhfuil seans ann nach dtuigeann an ciontóir go bhfuil a iompar ag cruthú deacrachtaí
 - Is cóir don dá pháirtí iaracht a dhéanamh teacht ar réiteach na fadhba agus pátrún imoibriú a bhunú saor ó bhulaíocht agus gnéaschiapadh.
 - Is féidir leis an ciontóir freagra a thabhairt do pháirtí A ag an gcruinniú sin nó má iarrtar le haghaidh freagra, seans a thabhairt dó/di macnamh a dhéanamh ar a fhreagra. Sa chás sin cuirfear an chruinniú ar athló. Is cóir do pháirtí B freagra éifeachtach a thabhairt.
 - Is féidir leis an réiteach aon cheann díobh seo a leanas a chlúdú: cinneadh go stopfar an mí iompar, mionathrithe a dhéanamh don iompar, plean a dhéanamh chun laghdú ar na hócáidí go mbeadh na páirtithe i gcoimhlínt nó monatóireacht. Ar an dtaobh eile de tá seans go dtuigfear gur míthuiscint iompar a bhí ann agus is féidir leis an réiteach soláthar a dhéanamh do mhianíú cheart nó comhghéilleadh.
- 2 Muna dtagann réiteach nó cosúlacht a réiteach idir na páirtithe, is cóir do pháirtí A an gearán a thabhairt go céim a 3, is é sin ar bhonn fhoirmiúil.

Céim a 3 Príomhoide nó Cathaoirleach an Bhord.

- 1 Tugann céim a trí deis don phríomhoide teacht isteach sa scéal agus iaracht teacht ar réiteach. Más é gurbh é an príomhoide duine de na páirtithe is cóir do chathaoirleach an bhord seasamh isteach go haonarach chun teacht ar réiteach. Sa chás go raibh an cathaoirleach bainteach le chéim a 2 is duine eile ón mbord asheasann isteach.
- 2 Is cóir do pháirtí A a chuir in iúil do pháirtí B go bhfuil an gearán ag dul go céim a 3.
- 3 Is cóir do pháirtí A a ghearán a chuir i scríbhinn agus iarraidh ar an bPríomhoide (nó Cathaoirleach an Bhord) an ghearán a fhiosrú.
- 4 Is cóir don Phríomhoide (nó an cathaoirleach):
 - Sonraithe cúlra a fháil ar chéard a tharla sna céimeanna roimhe seo.
 - Macnamh a dhéanamh ar phátrún an iompar agus a amlíne.
 - Na páirtithe a chloisint agus iaracht an fhadhb a réiteach.
 - A bheith cothrom, neamhchlaonta agus déileáil leis an gceist go leochailleach, aireach ar an fhadhb agus prionsabail an phróiséis cheart.
 - Breithiúnas a chleachladh agus na cinní a cheapann sé/sí gur cóir a dhéanamh a dhéanamh chun an

fhadhb a réiteach.

- 5 Is cóir don dá pháirtí na comhráite a bhreacadh síos.
- 6 Is cóir déileáil leis an gclás go rúnda.
- 7 Muna dtagann réiteach ar an fhadhb nó má tá an cosúlacht go leanfaidh an mí iompair ar aghaidh is féidir leis an bpríomhoide nó an Cathaoirleach an chéist a chuir ós comhair an Bord Bainistíochta mar atá leagtha amach i gcéim a 4.

Céim a 4 An Bord Bainistíochta

- 1 Tá sé oscailte do cheachtar don dá pháirtí nó an Príomhoide (nó an Cathaoirleach) an ábhar a chuir ós comhair an Bhord Bainistíochta chun fiosriú a dhéanamh ar. Ba chóir go mbeadh sé i scríbhinn agus dáta ar agus cóip den ghearán leis.
- 2 Is cóir don Bhord Bainistíochta macnamh ar an fhadhb agus fiosrú a dhéanamh ar an scéal:
 - Is féidir leis an mBord stair an ghearán a lorg agus na céimeanna ar leanadh go dtí seo.
 - Is féidir leis an mBord nó Cathaoirleach an Bhoird buaileadh le múinteoirí le chéile mar fhoireann nó ina n-aonar agus is féidir leo iarraidh le h-aghaidh cúntas scríofa óna páirtithe.
 - Is féidir leis an mBord iarraidh ar an bpríomhoide cúntas a scríobh ar an eachtra.
 - Is féidir leis an mBord seans a thabhairt don dá pháirtí a chás a chuir ó bhéal ag cruinniú Bord, i láthair a chéile.
 - Is féidir leis an mBord iarraidh ar an gCathaoirleach, taréis cur i láthair an dá pháirtí ó bheal, buaileadh leis na páirtithe arís, le chéile nó ina n-aonar, má tá tuilleadh eolas nó soiléiriú ag teastáil.
 - Is féidir leis an mBord cúpla cruinniú a h-eagrú chun teacht ar réiteach.
 - Feidhmeoidh an Bord i slí cothrom, neamhchlaonta, leochailleach chun teacht ar réiteach, ag choimead nádúr na fadhb san áireamh.
- 3 Taréis gach rud a thabhairt san áireamh is cóir don Bhord teacht ar chinneadh roimh 20 lá a bheith sroichte taréis an iarratas scríofa a fháil.
- 4 Má thagann an Bhord ar an dtuairim nach bhfuil aon bhulaíocht nó gnéaschiapadh taréis tarlú, is cóir é seo a chuir in iúl do ghach páirtí. Ní chuirfear aon phionóis ar an duine a rinne an ghearán más go fíreannach a déanadh an gearán. Más go mailíseach a déanadh an gearán, is mí-iompar atá ann agus is cóir déileáil leis mar is cuí.
- 5 Is cóir don Bhord déileáil mar is cheart agus go héifeachtúil, má tá sé soiléir go raibh gnéaschiapadh nó bulaíocht ar siúl. Is féidir na rudaí seo a bheith san áireamh:
 - Foláireamh soiléir a thabhairt nach nglacfar le gnéaschiapadh no bulaíocht sa scoil.
 - A éileamh go stopfaidh an bulaíocht nó gnéaschiapadh ar fad go h-uile is go h-iomlán agus go gcuirfí stratéisí caidrimh le chéile chun na páirtithe a thabhairt le chéile.
 - Iarraidh ar an gciontóir a leithscéal a ghabháil, áiféala a chuir in iúl agus cinnteacht a dhéanamh nach dtarlóidh sé arís.
 - Iarraidh ar an gciontóir comhairle a fháil.
- Is féidir smachtbhanaí níos dáiríre a úsáid a bheadh oiriúnach agus comhchuíseach ar nós:
 - Foláireamh ó bhéal
 - Casaid scríofa
 - Foláireamh scríofa
 - Foláireamh scríofa deireanach
 - Duine a chuir ar fhionrí
 - Duine a bhriseadh as a phost
- 6 Mar chuid d'aon réiteach is cóir don Bhord Bainistíochta monatóireacht a dhéanamh ar an gcás agus stratéisí a fhorbairt, ionas go gcoiméadfaí an Bhord ar an eolas, chun a chinntiú go bhfuil aon réiteach á chuir i bhfeidhm. Is cóir don bhord athbreithniú a dhéanamh ar an scéal.

Cruthaithe	
Athbhreithniú déanta	Nollaig 2014

